

IONSTRAIM REACHTÚIL

I.R. Uimh. 518 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta) 2006

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath

Le ceannach go díreach ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2,

nó trí ordú poist ó

Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Tráchtá, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2,
(Teil: 01 647 6834/35/36/37; Faics 01 647 6843)

nó trí aon díoltóir leabhar.

Luach: €2.54

PRN: A6/1661

I.R. Uimh. 518 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta) 2006

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (Uimh. 27 de 1972), agus d'fhonn éifeacht a thabhairt do Threoir 2004/83/CE¹ an 29 Aibreán 2004 ón gComhairle maidir le caighdeáin íosta le haghaidh cáiliúcháin agus stádas náisiúnach trú tír nó daoine gan stát mar dhéanaithe nó mar dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu ar bhealaí eile agus maidir le hábhar na cosanta arna dheonú déanamais, Mícheál Mac Dubhghaill, Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, na rialacháin seo a leanas:

Lua agus Tosach Feidhme

1. (1) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta) 2006 is teideal do na Rialacháin seo.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 10 Deireadh Fómhair 2006.

Léirmhíniú

2. (1) Sna Rialacháin seo —

ciallaíonn “Acht 1996” Acht na nDéanaithe 1996;

ciallaíonn “Acht 1999” an tAcht Inimirce 1999;

folaíonn “gníomhaithe géarleanúna nó díobhála tromchúisí” —

(a) stát,

(b) páirtithe nó eagraíochtaí a rialaíonn stát nó cuid shubstaintiúil de chríoch an stáit sin, nó

(c) gníomhaithe neamhstáit, más féidir a léiriú go bhfuil na gníomhaithe a luaitear i míreanna (a) agus (b), lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, neamhábaltá nó neamhthoilteanach cosaint a sholáthar in aghaidh ciallaíonn géarleanúna nó na díobhála tromchúisí;

ciallaíonn “iarratas ar chosaint” iarratas —

(a) faoi alt 8 d'Acht 1996 ó dhuine ar dhearbhu mar dhéanaí, nó

(b) ó dhuine, nach náisiúnach de Bhallstát é nó í agus nach gcáilítear mar dhéanaí, go n-aithneofar é nó í mar dhuine atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí faoi na Rialacháin seo;

forléireofar “iarratas ar chosaint fhoghabhálach” de réir Rialachán 4;

ciallaíonn “Treoir na Comhairle” Treoir 2004/83/CE¹ an 29 Aibreán 2004 ón gComhairle;

ciallaíonn “tír thionscnaimh” an tír nó na tíortha náisiúntachta nó an tír nó na tíortha ina cónaíodh an duine, do dhaoine gan stát, de ghnáth;

forléireofar “dearbhu” de réir alt 17 d'Acht 1996;

ciallaíonn “Ballstát” Ballstát den Aontas Eorpach;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn “duine atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí” —

¹ Iris Oifigiúil L304/12 an 30 Meán Fómhair 2004.

- (a) duine nach náisiúnach de Bhallstát é nó í,
- (b) duine nach gcáilíonn mar dhídeanaí,
- (c) duine a bhfuil forais shubstaintiúla taispeáinte ina leith le creidiúint go mbeadh an duine lena mbaineann i bhfíorbhaol díobhála tromchúisí, faoi mar a shainmhínítear sna rialacháin seo, a fhuilaint dá gcuirfí é nó í ar ais go dtí a tír nó a tír thionscnaimh;
- (d) duine nach mbaineann rialachán 13 de na rialacháin seo leis nó léi, agus
- (e) duine atá neamhábailta, nó, mar gheall ar an bhfíorbhaol sin, cosaint na tíre sin a fháil dó nó di féin;

ciallaíonn “cosaint” (ach amháin sa sainmhíniú “cosaint in aghaidh na géarleanúna nó na díobhála tromchúisí”) cosaint mar dhídeanaí nó mar dhuine atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí sa Stát;

measfar go bhfuil “cosaint in aghaidh na géarleanúna nó na díobhála tromchúisí” á soláthar go ginearálta sa chás go bhfuil bearta réasúnacha á ndéanamh ag stát nó páirtithe nó eagraíochtaí, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, a rialaíonn stát nó cuid shubstaintiúil de chríoch an stáit sin, chun an ghéarleanúint nó fulaingt na díobhála tromchúisí a chosc, *inter alia*, trí chóras éifeachtach dlí a fheidhmiú chun gníomhartha atá ina ngéarleanúint nó dhíobháil thromchúiseach a bhrath, a ionchúiseamh agus a phionósú, sa chás go bhfuil teacht ag an iarratasóir ar chosaint den sórt sin;

ciallaíonn “iarratasóir ar chosaint” duine a bhfuil iarratas déanta aige nó aici ar chosaint sa Stát agus nach bhfuil a (h)iarratas—

- (a) cinntithe,
- (b) tarraingte siar nó measta a bheith tarraingte siar, nó
- (c) aistrithe go dtí tír eile;

tá le “cinneadh maidir le cosaint” an bhrí a thugtar dó le Rialachán 3 agus forléireofar “cinneadóir na cosanta” dá réir;

tá an bhrí a thugtar dó ag alt 2 d'Acht 1996 ag “dídeanaí”;

is éard atá i “díobháil thromchúiseach” ná—

- (a) pionós báis nó bású,
- (b) céasadh nó íde nó pionósú mhídhanna nó tháir iarratasóra sa tír thionscnaimh, nó
- (c) bagairt thromchúiseach agus indibhidiúil ar shaol sibhialtaigh nó ar dhuine de bhíthin foréigin gan idirdhealú i gcáis choimhlinte armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí.

(2) Sna Rialacháin seo, beidh an bhrí chéanna ag focal nó nath a úsáidtear sna Rialacháin seo agus a úsáidtear sa Treoir ón gComhairle freisin agus atá aige sa Treoir ón gComhairle mura léir a mhalairt d'intinn.

3. (1) Faoi réir mhír (2), baineann na Rialacháin seo leis na cinntí seo a leanas (a dtagraítear dóibh sna Rialacháin seo mar “cinntí maidir le cosaint”) arna dhéanamh ar nó tar éis do na Rialacháin seo teacht i ngníomh:

- (a) moladh faoi alt 13(1) d'Acht 1996;
- (b) dearbhasc faoi mhír (a) nó moladh faoi mhír (b) d'alt 16(2) den Acht sin;

(c) fógra go bhfuil ar intinn hordú díbeartha a dhéanamh faoi alt 3(3) d'Acht 1999 i leith duine a mbaineann fo-alt (2)(f) den alt sin leis nó léi;

(d) cinntiúchán ag an Aire faoi Rialachán 4(4) or 4(5).

(2) Ní dhéanfaidh aon ní sna Rialacháin seo feidhmeanna an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe nó an Bhinse Achomhairc Dídeanaithe (faoi chuimsiú bhrí Acht 1996) a leathnú ná a laghdú agus cinneadh á dhéanamh cibé an dídeanaí duine.

Iarratas ar chosaint fhoghabhálach

4.(1) (a) Beidh ráiteas i bhfógra maidir le beartú faoi alt 3(d) d'Acht 1999, sa chás go measann duine a mbaineann alt 3(2)(f) den Acht sin leis nó léi, gur duine é nó í atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí, go bhféadfaidh sé nó sí, le cois uirill a dhéanamh faoi alt 3(3)(b) den Acht sin, iarratas a dhéanamh ar chosaint fhoghabhálach leis an Aire faoi cheann thréimhse na 15 lá ar tagraíodh di san fhógra.

(b) Beidh iarratas ar chosaint fhoghabhálach sa chruth i Sceideal 1 nó i gcruth a mbeidh an éifeacht céanna leis.

(2) Ní bheidh iallach ar an Aire iarratas ar chosaint fhoghabhálach ó dhuine seachas duine a mbaineann alt 3(2)(f) d'Acht 1999 leis nó léi, a bhreithniú, ná iarratas atá i gcruth eile seachas an cruth a luadh i mír (1)(b).

(3) Agus cinneadh á dhéanamh ag an Aire maidir le cibé an bhfuil duine incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí—

(a) cuirfidh an tAire san áireamh, le cois nithe a luadh i Rialachán 5, aon sonraí arna soláthar ag an iarratasóir faoi mhír (1)(b); agus

(b) féadfaidh sé an méid seo a leanas a chur san áireamh—

(i) an fhaisnéis nó doiciméadacht arna cur san áireamh i ndáil le cinntiúchán iarratas an iarratasóra ar dhearbhu, agus

(ii) faisnéis eile den sórt a bhaineann leis an iarratas faoi mar atá ar eolas ag an Aire.

(4) Sa chás go gcinneann an tAire gur duine é nó í an t-iarratasóir atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí, deonóidh an tAire cead dó nó di le fanacht sa Stát.

(5) Sa chás go gcinneann an tAire nach duine é an t-iarratasóir atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí, rachaidh an tAire ar aghaidh lena bhreithniú, agus aird á tabhairt ar na nithe ar tagraíodh dóibh in alt 3(6) d'Acht 1999, cibé ar chóir ordú díbeartha a dhéanamh i leith an iarratasóra.

(6) Ní dhéanfaidh aon ní sna rialacháin seo difear do chumhacht lánroghnach an Aire faoi alt 3 d'Acht 1999.

Fíricí agus cúinsí á measúnú

5. (1) Cuirfidh cinneadóir na cosanta na nithe seo a leanas san áireamh chun críoch cinneadh maidir le cosaint a dhéanamh:

(a) gach fíric ábhartha faoi mar a bhaineann siad leis an tír thionscnaimh tráth déanta cinnidh ar an iarratas ar chosaint, lena n-áirítear dlíthe agus rialacháin na tíre tionscnaimh agus an bealach a fheidhmítear iad;

- (b) na ráitis agus doiciméadacht ábhartha arna gcur i láthair ag an iarratasóir ar chosaint lena n-áirítear faisnéis maidir le cibé an ndéanadh géarleanúint nó díobháil thromchúiseach dó nó di nó an bhféadfaí sin a dhéanamh air nó uirthi;
- (c) staid indibhidiúil agus cúinsí pearsanta an iarratasóra ar chosaint, lena n-áirítear fachtóirí amhail cúlra, inscne agus aois, ionas go measúnófar cibé, ar bhonn chúinsí pearsanta an iarratasóra, arbh ionann na gníomhartha ar nochtadh an t-iarrastóir dóibh nó a d'fhéadfadh sé nó sí a bheith nochtaithe dóibh, agus géarleanúint nó díobháil thromchúiseach;
- (d) cibé an raibh na gníomhaíochtaí a ndeachaigh an t-iarratasóir ar chosaint ina mbun ó d'fhág sé nó sí a thír nó a tír thionscnaimh díreach nó go príomha ar mhaithe leis na coinníollacha riachtanacha a chruthú le cur isteach ar chosaint mar dhídeanaí nó mar dhuine atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí, ionas go measúnófar an nochtóidh na gníomhaíochtaí seo an t-iarratasóir do ghéarleanúint nó mhórdhíobháil má fhilltear ar an tír sin é nó í;
- (e) cibé an bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go bhfaigheadh an t-iarratasóir cosaint tír eile dó nó di féin ina bhféadfadh sé nó sí saoránacht a dhearbhu.

(2) Measfar an fhíríc gur fhulaing iarratasóir ar chosaint géarleanúint nó díobháil thromchúiseach cheana féin, nó bagairtí díreacha go ndéanfaí géarleanúint nó díobháil thromchúiseach den sórt sin air nó uirthi, mar thaispeánadh tromchúiseach ar fhaitíos an iarratasóra, a bhfuil bunús maith leis, roimh ghéarleanúint, nó mar thaispeánadh tromchúiseach ar fhíorbhaol go bhfulaingeoideh sé nó sí díobháil thromchúiseach, ach amháin sa chás go bhfuil cúiseanna maithe le cuimhneamh nach ndéanfar géarleanúint nó díobháil thromchúiseach den sórt sin arís, ach féadfaidh cúiseanna doshéanta ar leith a eascraíonn as géarleanúint nó díobháil thromchúiseach roimhe sin agus as sin amháin, a fhágáil dá ainneoin sin go bhfuil údar le cinntiúchán go bhfuil an t-iarratasóir incháilithe le haghaidh cosanta.

(3) Sa chás nach dtacaíonn fianaise dhoiciméadach nó fianaise eile le gnéithe de ráitis an iarratasóra ar chosaint, ní chaithfear na gnéithe sin a dhearbhu sa chás go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas—

- (a) rinne an t-iarratasóir fíoriarracht le bunús a thabhairt lena iarratas nó a hiarratas;
- (b) tá gach eilimint ábhartha dá raibh ar fáil don iarratasóir curtha isteach agus míniú sásúil tugtha maidir le haon eilimintí ábhartha eile a bhí in easnamh;
- (c) faightear go bhfuil ráitis an iarratasóra comhleanúnach agus craicneach agus ní théann siad in aghaidh faisnéis shonrach agus ghinearálta atá ar fáil agus a bhaineann le cás an iarratasóra;
- (d) chuir an t-iarratasóir isteach ar chosaint ag an tráth ba luaithe ab fhéidir, (ach amháin sa chás go léiríonn iarratasóir cúis mhaith gan amhlaidh a bheith déanta); agus
- (e) go bhfuil inchreidteacht ghinearálta an iarratasóra déanta amach.

Riachtanais le cosaint ag teacht chun cinn sur place

6. (1) Féadfaidh faitíos, a bhfuil bunús maith leis, go ndéanfar géarleanúint ar dhuine nó fíorbhaol go bhfulaingeoifar díobháil thromchúiseach a bheith bunaithe ar imeachtaí atá tarlaithe ó d'fhág an t-iarratasóir ar chosaint a thír nó a tír thionscnaimh.

(2) Féadfaidh faitíos, a bhfuil bunús maith leis, go ndéanfar géarleanúint ar dhuine nó fíorbhaol go bhfulaingeoifar díobháil thromchúiseach a bheith bunaithe ar gníomhaíochtaí a

raibh an t-iarratasóir ar chosaint ina mbun ó d'fhág sé nó sí a thír nó a tír thionscnaimh, go háirithe sa chás gur deimhin le cinneadóir na cosanta gurb ionann na gníomhartha ar braitheadh orthu agus tuairimí daingne nó claontaí atá ag an iarratasóir ar chosaint, a bheith á léiriú agus á leanúint sa tír thionscnaimh.

Cosaint inmheánach

7. (1) Mar chuid den mheasúnú ar riachtanais maidir le cosaint, féadfaidh cinneadóir na cosanta a chinneadh nach bhfuil cosaint de dhíth ag iarratasóir ar chosaint más féidir a bheith ag súil le réasún go bhfanfaidh an t-iarratasóir i gcuid dá thír nó tír thionscnaimh mar nach bhfuil aon fhaitíos, a mbeidh bunús maith leis, go ndéanfar géarleanúint ar dhuine nó fíorbhaol go bhfulaingeoifar díobháil thromchúiseach.

(2) Agus scrúdú á dhéanamh cibé an dtagann cuid den tír thionscnaimh le mír (1), beidh aird ag cinneadóir na cosanta ar na cúinsí ginearálta atá i réim sa chuid sin den tír agus ar chúinsí pearsanta an iarratasóra.

Stát nó cuid shubstaintiúil dá chríoch á rialú ag eagraíocht idirnáisiúnta

8. Chun críocha a mheasúnú cibé an rialaíonn eagraíocht idirnáisiúnta stát nó cuid shubstaintiúil dá chríoch agus go soláthraíonn sé cosaint in aghaidh na géarleanúna nó na díobhála tromchúisí, cuirfidh cinneadóir na cosanta aon treoir a fhéadfaidh a bheith soláthraithe in achtanna ábhartha ón gComhairle, san áireamh.

Gníomhartha géarleanúna

9. (1) Ní foláir do gníomhartha géarleanúna chun críocha alt 2 d'Acht 1996:

- (a) a bheith sách tromchúiseach mar gheall ar chineál nó athdhéanamh na ngníomhartha, gurb ionann iad agus géarshárú ar bhunchearta daonna, go háirithe na cearta nach féidir maolú a dhéanamh ina leith faoi Airteagal 15(2) den Choinbhinsúin Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint; nó
- (b) a bheith ina mbearta éagsúla arna gcarnadh i ndiaidh a chéile, lena n-áirítear sárúithe ar chearta daonna atá sách dian is go ndéanfaidís difear do dhuine ar bhealach cosúil lena luadh i bhfomhír (a).

(2) Féadfaidh gníomhartha géarleanúna faoi mar a cáilíodh i mír (1) iad, a bheith, *inter alia*, i bhfoirm—

- (a) gníomhartha foréigin fhisiciúil nó mheabhrach, lena n-áirítear gníomhartha foréigin ghnéasaigh;
- (b) bearta dlíthiúla, riaracháin, póilíní, agus/nó breithiúnacha atá leatromach iontu féin nó a chuirtear i ngníomh ar bhealach leatromach;
- (c) ionchúiseamh nó pionósú, atá díréireach nó leatromach;
- (d) cúiteamh breithiúnach á dhiúltú a fhágann pionósú díréireach nó leatromach dá thoradh;
- (e) ionchúiseamh nó pionósú as diúltú seirbhís mhíleata a dhéanamh i gcoimhlint, i gcás go mbeadh coireanna nó gníomhartha a thagann faoi na clásail eisiatachta faoi mar a leagadh amach in alt 2(c) d'Acht 1996, san áireamh leis an tseirbhís mhíleata sin;
- (f) gníomhartha ar de chineál iad a bhaineann go sonrath le hinscne nó leanáí.

(3) Ní foláir nasc a bheith idir na cúiseanna a luadh i Rialachán 10 agus na gníomhartha géarleanúna ar tagraíodh dóibh i mír (1).

Cúiseanna le géarleanúint

10. (1) Cuirfidh cinneadóir na cosanta an méid seo a leanas san áireamh agus na cúiseanna le géarleanúint á measúnú—

- (a) beidh cúrsaí go háirithe maidir le dath, síolrú nó ballraíocht grúpa eitnigh áirithe san áireamh sa choincheap ó thaobh cine;
- (b) beidh cúrsaí go háirithe maidir le creidimh dhiachúla, neamhdhiachúla agus aindiacha a bheith ag duine, rannpháirtíocht i, nó staonadh ó, chleachtais chrábhaidh fhoirmiúla go príobháideach nó go poiblí, ina n-aonair nó i bpobal le daoine eile, gníomhartha reiligiúnacha eile nó léirithe eile dearcaidh, nó cineálacha iompair phearsanta nó phobalda bunaithe ar nó sainordaithe ag aon chreideamh reiligiúnach, san áireamh sa choincheap ó thaobh reiligiúin;
- (c) ní bheidh an coincheap ó thaobh náisiúntachta teoranta do shaoránacht nó a easpa síúd ach beidh cúrsaí go háirithe maidir le ballraíocht ghrúpa arna cinneadh de réir a chéannachta cultúir, eitnigh nó teanga, bunúis chomhchoitinn gheografaigh nó pholaitíochta nó a chaidrimh le daonra Stáit eile san áireamh leis an gcoincheap sin;
- (d) measfar go bhfuil grúpa sóisialta áirithe déanta de ghrúpa go háirithe sa chás—
 - (i) go bhfuil tréith inbheirthe, nó cúlra comhchoiteann nach féidir a athrú ag baill den ghrúpa sin i bpáirt lena chéile, nó go bhfuil tréith nó creideamh atá chomh fite fuaite le céannacht nó coinsias acu i bpáirt lena chéile nár chóir go gcuirfí iallach ar dhuine é a thréigean, nó
 - (ii) go bhfuil céannacht shuaithinseach ag an ngrúpa sin sa tír ábhartha, toisc go mbreathnaíonn an tsochaí thart air mar ghrúpa difriúil;agus, ag brath ar na cúinsí sa tír thionscnaimh, féadfaidh grúpa atá bunaithe ar thréith chomhchoiteann an chlaonta gnéasaigh a bheith san áireamh i ngrúpa sóisialta áirithe. Ní bheidh gníomhartha a mheastar a bheith coiriúil sa Stát san áireamh le claonadh gnéasach: féadfar gnéithe a bhaineann le hinscne a chur san áireamh, gan toimhde a chruthú astu féin amháin maidir le hinfheidhmeacht an Rialacháin seo;
- (e) beidh cúrsaí go háirithe maidir le tuairim, smaoinemh nó creidiúint a bheith ag duine maidir le ní a bhaineann le gníomhaithe féideartha na géarleanúna agus lena mbeartais nó a modhanna, san áireamh leis an gcoincheap ó thaobh tuairime polaitíochta, cibé ar chuir an t-iarratasóir ar chosaint an tuairim, smaoinemh nó creidiúint sin i ngníomh nó nár chuir.

(2) Agus é á mheasúnú cibé an bhfuil faitíos, a bhfuil bunús maith leis, ag iarratasóir ar chosaint go ndéanfar géarleanúint air nó uirthi, ní bhaineann sé le hábhar an bhfuil an tréith chine, chreidimh, náisiúnta, shóisialta nó pholaitíochta a tharraingíonn an ghéarleanúint, ag an iarratasóir le fírinne nó nach bhfuil, ar an gcoinníoll go gcuireann gníomhaí géarleanúna tréith den sórt sin i leith an iarratasóra.

Diúltú dearbhú a dheonú nó a athnuachan, nó aisghairm dearbhaithe

11. (1) Féadfaidh an tAire diúltú dearbhú, gur dídeanaí duine, a dheonú nó a athnuachan nó féadfaidh sé an dearbhú sin a aisghairm sa chás—

- (a) go bhfuil forais réasúnacha ann lena mheas nó lena meas mar bhagairt do shlándáil an Stáit, nó

- (b) go bhfuil sé nó sí, tar éis dó nó di a bheith ciontaithe le breithiúnas críochnaitheach i gcion atá iontach tromhchúiseach, ina bhagairt nó ina bagairt do phobal an Stáit.

(2) Sa chás—

- (a) go bhfuil feidhm ag mír (a), (b), (c), (d), (e), (f) nó (h) d’alt 21(1) d’Acht 1996, sa mhéid is go mbaineann sé le duine ar tugadh dearbhú dó nó di,
- (b) go ndearna duine ar tugadh dearbhú dó nó di mífhaisnéis ar fhíricí nó gur fhág sé nó sí fíricí amach (lena n-áirítear trí dhoiciméid bhréagacha a úsáid) agus go raibh sin ina fhachtóir cinntitheach maidir leis an dearbhú a dheonú, nó
- (c) gur chóir duine ar tugadh dearbhú dó nó di a bheith eisiata óna bheith ina dhídeanaí nó ina dídeanaí nó go ndéantar é nó í a eisiáimh amhlaidh,

féadfaidh an tAire, gan dochar d’alt 21(2) d’Acht 1996, an dearbhú a aisghairm nó, de réir mar a bheidh, diúltú an dearbhú a athnuachan.

Duine a eisiáimh ó stádas dídeanaí

12. Déantar iarratasóir a eisiáimh óna bheith ina dhídeanaí nó ina dídeanaí má thionscain nó má ghlac sé nó sí páirt ar bhealach eile i gcoimisiún na ngníomhartha nó na gcoireanna a luadh in alt 2(c) d’Acht 1996.

Duine a eisiáimh ó chosaint fhoghabhálach

13. (1) Déantar duine a eisiáimh óna bheith incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí sa chás go bhfuil cúiseanna tromhchúiseacha le cuimhneamh—

- (a) go ndearna sé nó sí coir in aghaidh na síochána, coir chogaidh, nó coir in aghaidh na daonnachta, faoi mar a shainmhínítear sna hiontraimí idirnáisiúnta arna gcur le chéile chun foráil a dhéanamh i leith coireanna den sórt sin;
- (b) go ndearna sé nó sí coir thromhchúiseach;
- (c) go raibh sé nó sí ciontach i ngníomhartha atá in aghaidh chuspóirí agus phrionsabail na Náisiún Aontaithe faoi mar a leagadh amach i Réamhrá agus Airteagail 1 agus 2 de Chairt na Náisiún Aontaithe; nó
- (d) go bhfuil sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt don phobal nó do shlándáil an Stáit.

(2) Baineann mír (1) freisin le daoine a thionscnaíonn nó a ghlacann páirt ar bhealach eile i gcoimisiún na gcoireanna nó na ngníomhartha a luaitear ann.

(3) Féadfar duine a eisiáimh óna bheith incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí má tá, sular ceadaíodh dó nó di teacht isteach sa Stát, coir amháin nó níos mó déanta aige nó aici, lasmuigh de raon mhír (1), a bheadh inphionósaithe le príosúnacht dá mbeadh siad déanta sa Stát, agus a d’fhág a tír nó a tír thionscnaimh chun pionóis de thoradh na gcoireanna seo a sheachaint agus chuige sin amháin.

Cosaint fhoghabhálach á haisghairm nó diúltú cosaint fhoghabhálach a athnuachan

14. (1) Déanfaidh an tAire cead arna dheonú do dhuine faoi Rialachán 4 a aisghairm nó diúltóidh sé é a athnuachan sa chás—

- (a) faoi réir mhír (2), nach ann a thuilleadh do na cúinsí ar deonaíodh an cead dá dtoradh nó d’athraigh na cúinsí an oiread sin nach bhfuil cosaint ag teastáil a thuilleadh;

(b) gur chóir an duine a bheith eisiata nó go bhfuil sé nó sí eisiata óna bheith ina dhuine atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí faoi Rialachán 13(1) nó (2); nó

(c) go raibh mífhaisnéis ar fhíricí nó fíricí fágtha amach, cuma an raibh úsáid doiciméad bréagach san áireamh leis nó nach raibh, ag an duine agus go raibh sin ina fhachtóir cinntitheach maidir le stádas cosanta foghabhálaí a dheonú.

(2) Agus é á chinneadh cibé an bhfuil feidhm le mír (1)(a), beidh aird ag an Aire ar cibé an bhfuil an t-athrú ar chúinsí ar tagraíodh dó san fhoráil sin, de chineál atá sách suntasach agus neamh-shealadach nach bhfuil an duine ar deonaíodh cosaint fhoghabhálach dó nó di i bhfíorbhaol díobhála tromchúisí a thuilleadh.

(3) Féadfaidh an tAire cead arna dheonú faoi Rialachán 4(4) a aisghairm nó diúltú cead a athnuachan sa chás gur chóir go mbeadh an duine atá i gceist eisiata óna bheith incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí de réir Rialachán 13(3).

(4) Beidh feidhm ag alt 3 d'Acht 1999 i ndáil le beartú le cead arna dheonú faoi Rialachán 4(4) a aisghairm nó i ndáil le diúltú lena athnuachan.

Ginearálta

15. Agus Rialachán 16 go dtí 19 á bhfeidhmiú, cuirfear staid shonrach daoine leochaileacha amhail mionaoisigh (cibé an bhfuil siad neamhchuideachtaithe nó nach bhfuil), daoine míchumasacha, daoine scothaosta, mná torracha, tuismitheoirí aonair le leanaí mionaoiseacha agus daoine a d'fhulaing céasadh, éigniú nó cineálacha tromchúiseacha eile foréigin shíceolaíche, fhisiciúil nó ghnéasaigh, san áireamh.

Duine de mhuintir duine atá incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí

16. (1) Féadfaidh duine a bhfuil cinntiúchán faoi Rialachán 4(4) déanta ina leith (tagraítear dó nó di sa Rialachán seo mar an "t-iarratasóir") iarratas a dhéanamh leis an Aire go ndeonófaí cead do dhuine dá mhuintir nó dá muintir le teacht isteach agus cónaí sa Stát.

(2) Imscrúdóidh an tAire, nó cuirfidh sé faoi deara a scrúdaithe, iarratas faoi mhír (1) chun an caidreamh idir an t-iarratasóir agus an duine arb ábhar an iarratais é nó í agus cúinsí baile an duine sin, a dhéanamh amach.

(3) (a) Faoi réir mhír (5), más deimhin leis an Aire gur duine de mhuintir an iarratasóra é nó í an duine arb ábhar an iarratais é nó í, deonóidh an tAire cead i scríbhinn don duine le teacht isteach agus cónaí sa Stát.

(b) I bhfomhír (a), ciallaíonn "duine den mhuintir", i ndáil le hiarratasóir -

(i) sa chás go bhfuil an t-iarratasóir pósta, a chéile nó a céile (ar an gcoinníoll go bhfuil an pósadh ar marthain ar dháta an iarratais faoi mhír (1)),

(ii) sa chás go bhfuil an t-iarratasóir, ar dháta an iarratais faoi mhír (1), faoi bhun aois 18 mbliana agus gan a bheith pósta, a thuismitheoirí nó a thuismitheoirí, nó

(iii) leanbh an iarratasóra atá, ar dháta an iarratais faoi mhír (1), faoi bhun aois 18 mbliana agus gan a bheith pósta.

(4) (a) Faoi réir mhír (5), féadfaidh an tAire cead a dheonú do dhuine spleách de mhuintir iarratasóra le teacht isteach agus cónaí sa Stát.

(b) I bhfomhír (a), ciallaíonn "duine spleách den mhuintir", i ndáil le hiarratasóir, aon seantuismitheoir, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, leanbh, duine garchlainne,

coimircí nó caomhnóir an iarratasóra atá spleách ar an iarratasóir go hiomlán nó go páirteach nó a bhfuil éagumas meabhrach nó fisiciúil ag cur air nó uirthi an oiread sin nach bhfuil sé réasúnach go mbeifí ag súil leis nó léi é nó í féin a chothú go hiomlán.

(5) Féadfaidh an tAire diúltú cead le teacht isteach agus cónaí sa Stát a dheonú do dhuine ar tagraíodh dó nó di i mír (3) nó (4) nó aon chead arna dheonú do dhuine den sórt sin a aisghairm—

(a) ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta nó beartas poiblí (*ordre public*), nó

(b) sa chás go mbeadh nó go bhfuil an duine eisiata ó stádas dídeanaí nó cosanta foghabhálaí de réir rialachán 12 nó 13.

Cead le fanacht sa Stát

17. (1) Faoi réir Rialachán 11 agus 14, deonófar cead le fanacht sa Stát ar feadh trí bliana do dhuine ar deonaíodh dearbhú dó nó dí nó a mbaineann Rialachán 4(4) nó 16(3)(a) nó 16(4)(a) leis nó léi.

(2) Beidh an cead ar tagraíodh dó i mír (1) in-athnuaithe, ach amháin sa chás gurb éigean a mhalairt a dhéanamh mar gheall ar chúiseanna doshéanta ar leith maidir leis an tslándáil náisiúnta nó ord poiblí (*ordre public*).

Doiciméid Taistil

18. (1) Faoi réir mhír (2), eiseoidh an tAire, ar iarratas i scríbhinn chuige sin agus ar íocaíocht cibé táille (más ann do tháille ar bith) faoi mar a fhéadfaidh sé nó sí a fhorordú le toiliú an Aire Airgeadais, doiciméad taistil do dhuine a mbaineann Rialachán 4(4), 16(3)(a) nó 16(4)(a) leis nó léi, sa chruth arna leagan amach i Sceideal 2 nó i gcruth a bhfuil an éifeacht céanna leis.

(2) Féadfaidh an tAire, ar chúiseanna maidir leis an tslándáil náisiúnta nó ord poiblí (*ordre public*), diúltú doiciméad taistil a eisiúint.

(3) Soláthróidh iarratasóir ar dhoiciméad taistil aon fhaisnéis (más ann d'aon fhaisnéis) don Aire agus a d'fhéadfadh sé a cheangal air nó uirthi le réasún chun críoch a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi na Rialacháin seo.

Ceartha eile

19. (1) Bainfidh na forálacha seo a leanas, faoi réir Rialachán 14, le duine a mbaineann Rialachán 4(4), 16(3)(a) nó 16(4)(a) leis nó léi—

(a) beidh an duine i dteideal na gceart céanna taistil isteach chuig nó chuig nó amach ón Stát, seachas chuig a tír nó a tír thionscnaimh, is a mbíonn saoránaigh Éireannacha ina dteideal;

(b) beidh an duine i dteideal fostaíocht a chuardach agus dul ina bun, aon ghnó, trádáil nó gairm a sheoladh agus teacht a bheith aige nó aici ar oideachas agus oiliúint sa Stát ar aon mhodh agus a oiread is a dhéanann saoránach Éireannach an céanna ar gach cuma;

(c) beidh an duine i dteideal, ar agus faoi réir na dtéarmaí agus gcoinníollacha a bhaineann le saoránaigh Éireannacha, an chúraim agus seirbhísí leighis chéanna agus na sochar leasa shóisialaigh céanna a fháil is a mbíonn saoránaigh Éireannacha ina dteideal.

(2) I mír (1)(c) áirítear aon íocaíocht nó seirbhísí arna soláthar lena n-aghaidh i nó faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, na hAchtanna Sláinte 1947 go dtí 2004 agus Achtanna na dTithe 1966 go dtí 2004 le “sochair leasa shóisialaigh”.

SCEIDEAL 1

IARRATAS AR CHOSAINT FHOGHABHÁLACH FAOI RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (INCHÁILITHEACHT LE hAGHAIDH COSANTA), IONSTRAIM REACHTÚIL UIMH. [cuir uimhir IR isteach] DE 2006.

1. Ainm:
 2. Seoladh sa Stát:
 3. Uimhir Thagartha Iarratais Dídeanaíthe: 69/
 4. Náisiúntacht:
 5. Dáta a Tháinig Isteach sa Stát:
 6. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí:
 7. Tabhair le fios le do thoil an bonn ar a bhfuil “díobháil thromchúiseach” faoi mar a shainmhínítear sna Rialacháin, á héileamh (*cuir tic i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas de réir mar is cuí*)
 - pionós báis nó bású
 - céasadh nó íde nó pionósú mhídhonna nó tháir iarratasóra sa tír thionscnaimh, nó
 - bagairt thromchúiseach agus indibhidiúil ar shaol sibhialtaigh nó ar dhuine de bhíthin foréigin gan idirdhealú i gcáis choimhlinte armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí.
 8. Leag amach go hiomlán na forais ar fad a bhaineann go sonrath le do chúinsí ar a bhfuil tú ag brath mar thacaíocht le d'iarratas ar Chosaint Fhoghabhálach sa Stát.
 9. Ceanglaítear ort gach fianaise dhoiciméadach dá bhfuil ar fáil duit agus a thacaíonn le d'iarratas ar Chosaint Fhoghabhálach sa Stát a chur isteach. An bhfuil aon fhianaise dhoiciméadach á hiniamh agat le d'iarratas ar chosaint fhoghabhálach?

Tá Níl
 10. Má tá tú ag brath ar aon fhianaise dhoiciméadach a cuireadh isteach cheana féin in éineacht le d'éileamh ar thearmann, sonraigh fianaise den sórt sin sa spás thíos le do thoil.

Nóta tábhachtach: beidh fianaise dhoiciméadach arna chur isteach agat nó thar do cheann cheana féin ag Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaíthe nó ag an mBinse Achomhairc Dídeanaíthe mar chuid den iarratas ar thearmann ar fáil don Aire agus ní gá duit é a chur isteach an athuair.
 11. Mura féidir leat aon fhianaise dhoiciméadach a sholáthar le tacú le d'iarratas ar chosaint fhoghabhálach, ceanglaítear ort míniú a sholáthar maidir leis an gcúis nach féidir fianaise den sórt sin a sholáthar.
- Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis thuas agus aon ábhar ceangailte leis fíor, cruinn agus cothrom le dáta agus gurb í iomlán m'aighneachta don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar chosaint fhoghabhálach faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta) 2006, Ionstraim Reachtúil Uimh. [cuir uimhir na hIonstraime Reachtúla isteach].

Síniú iarratasóra

Dáta iarratais

SCEIDEAL 2

DOICIMÉAD TAISTIL DO DHAOINE A CINNEADH A BHEITH INCHÁILITHE LE HAGHAIDH COSANTA FOGHABHÁLAÍ nó DAOINE MUINTEARTHA DAOINE DEN SÓRT SIN

Lch 1

Uimh. (thag. INIS)

DOICIMÉAD TAISTIL

Duine a cinneadh a bheith incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht Le hAghaidh Cosanta), Ionstraim Reachtúil Uimh. (*cuir uimhir na hIonstraime Reachtúla isteach*) de 2006 chun éifeacht a thabhairt do Threoir ón gComhairle 2004/83/CE

NÓ

Duine muinteartha duine a cinneadh a bheith incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht Le hAghaidh Cosanta), Ionstraim Reachtúil Uimh. (*cuir uimhir na hIonstraime Reachtúla isteach*) de 2006 chun éifeacht a thabhairt do Threoir ón gComhairle 2004/83/CE (*Cuir isteach de réir mar is cuí*)

Rachaidh an doiciméad seo in éag an

Údaráítear don sealbhóir filleadh ar Éirinn an nó roimh.....
mura sonraítear dáta éigin eile

Uimh. Dhoiciméid Taistil

Lch 2

SEALBHÓIR DOICIMÉID

Sloinne:

Ainm(neacha):

Dáta Breithe:

Áit Bhreithe:

Gairm:

Áit Chónaithe in Éirinn:

Ainm mná (fir) céile:

Ainmneacha leanaí:

Lch 3

TUAIRISC

Airde..... Aghaidh..... Srón.....

Gruaig..... Súile.....

Airíonna Speisialta.....

Nótaí/Barúlachtaí.....

GRIANGHRAF

Síniú Sealbhóra

Lch 4

Tá an doiciméad seo bailí i gcomhair na dtíortha seo a leanas:

GACH TÍR seachas

Duine a cinneadh a bheith incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht Le hAghaidh Cosanta), Ionstraim Reachtúil Uimh. (*cuir uimhir na hIonstraime Reachtúla isteach*) de 2006 chun éifeacht a thabhairt do Threoir ón gComhairle 2004/83/CE

NÓ

Duine muinteartha duine a cinneadh a bheith incháilithe le haghaidh cosanta foghabhálaí faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht Le hAghaidh Cosanta), Ionstraim Reachtúil Uimh. (*cuir uimhir na hIonstraim Reachtúla isteach*) de 2006 chun éifeacht a thabhairt do Threoir ón gComhairle 2004/83/CE (*Cuir isteach de réir mar is cuí*)

Arna eisiúint ag:

Dáta a Eisithe:

Síniú agus stampla Údaráis eisithe an doiciméid

Táille Íoctha

Lch 5 - 8

Síneadh nó athnuachan bailíochta

Táille Íoctha Ó

Le

Déanta ag

Dáta

Síniú agus stampla Údaráis a bhfuil bailíocht an doiciméid á síneadh nó á hathnuachan aige

.....

Síneadh nó athnuachan bailíochta

Táille Íoctha Ó

Le


Déanta ag

Dáta

Síniú agus stampla Údaráis a bhfuil bailíocht an doiciméid á síneadh nó á hathnuachan aige

.....

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
9 Deireadh Fómhair 2006



MÍCHEÁL MAC DUBHGHAILL
Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus
Athchóirithe Dlí.

Nóta Míniúcháin

(Ní cuid den Ionstraim é an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é).

Rinneadh an tOrdú seo chun críocha éifeacht a thabhairt i ndlí na hÉireann don Treoir maidir le caighdeáin íosta le haghaidh cáiliúcháin agus stádais náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar dhídeanaithe nó mar dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu ar bhealaí eile agus maidir le hábhar na cosanta arna dheonú (Treoir 2004/83/CE: “An Treoir maidir le Cáiliúchán”).